

## Dea-Chleachtais Maidir Le Sóisialú Trí Ghaeilge Do Dhaltaí i Scoileanna Lánghaeilge agus Gaeltachta

### TORTHAÍ FOGHLAMA

- Teanga a úsáid go spráúil agus go cruthaitheach
- Rannpháirtíocht, éisteacht agus aird
- Teanga nádúrtha a dhéanamh de theanga sheomra ranga
- Gnásanna sóisialta agus feasacht ar dhaoine eile
- Stór focal a shealbhú agus a úsáid
- Tuiscint
- Athinsint agus mionléiriú
- Cur síos, tuar agus machnamh

### Réamhrá

Tá an-tábhacht ag baint le labhairt na Gaeilge go sóisialta i measc dhaltaí a fhreastalaíonn ar scoileanna Gaeltachta/ Gaelscoileanna. Ceaptar nach féidir eispéireas iomlán tumoideachais a chur ar fáil mura bhfuil na daltaí ag labhairt na (sprioc) teanga go sóisialta ina

measc féin (mar shampla Baker, 2011, Hickey, 1999, Mac Corraidh, 2008). Tá roinnt dea-chleachtais atá i bhfeidhm i roinnt scoileanna i dtaca le sóisialú trí Ghaeilge do dhaltaí i scoileanna Gaeltachta agus lánGhaeilge aitheanta cheana féin (Ní Shéaghdha, 2010). Is éard atá san Ábhar Tacaíochta seo ná nochtadh ar chuid de na slite praiticiúla seo atá éifeachtach chun na páistí a mhealladh i dtreo labhairt na Gaeilge go sóisialta ina measc féin.

Go ginearálta leagann na dea-chleachtais béim ar thábhacht

- Comhoibriú iomlán na foime scoile i gcur i bhfeidhm agus in athnuachan na ndea-chleachtais
- Cumarsáid éifeacht agus comhoibriú idir múinteoirí agus tuimsitheoirí na scoile
- Comhoibriú agus caidreamh moltach idir múinteoirí agus daltaí na scoile

Tá an tÁbhar Tacaíochta seo nasctha le 5 fhíseán a thugann léargas físiúil ar cuid de na dea-chleachtais seo i scoileanna Gaeltachta. Is iad na dea-chleachtais is suntasaí a tháinig chun cinn le linn an taighde seo ná

1. **Polasaí scoile soiléir** agus nasc láidir leis an bpobal Gaeilge lasmuigh den scoil
2. **Tacaíocht agus Comhoibriú na dTuimsitheoirí** le polasaí teanga na Scoile
3. Béim ar imeachtaí atá saibhir ó thaobh na cainte – **Drámaíocht, Scéalaíocht & Amhránaíocht**
4. Aird de shíor ar **chruinneas teanga** agus nathanna saibhre a spreagadh
5. **Feachtais/Duaiseanna** chun labhairt na Gaeilge sa chlós a spreagadh i measc na ndaltaí.

## Dea-Chleachtais Maidir Le Sóisialú Trí Ghaeilge Do Dhaltaí i Scoileanna Lánghaeilge agus Gaeltachta

### 1. Polasaí Scoile Soiléir agus Nasc Láidir leis an bPobal Gaeilge Lasmuigh den Scoil

Ceann de na dea-chleachtais is tábhachtaí atá i gceist le cur chun cinn na Gaeilge mar theanga shóisialta i measc na ndaltaí ná go mbeadh polasaí scoile agus sainspiorad na scoile lánghaeilge ana-shoiléir do phobal na scoile, dar leis na príomhoidí. Má tá an polasaí seo an-shoiléir do dhaltaí, do thuismitheoirí agus do

Má tá an polasaí seo an-shoiléir do dhaltaí, do thuismitheoirí agus do phobal na scoile i gcoitinne, tuigfidh na daltaí go gcaithfidh siad Gaeilge a labhairt ina measc féin.

phobal na scoile i gcoitinne, tuigfidh na daltaí go gcaithfidh siad Gaeilge a labhairt ina measc féin. Tuigfidh siad go bhfuil sé sin nádúrtha agus go mbaineann an béas sin le traidisiún na scoile. Chomh luath agus a thosnaíonn na daltaí ar scoil, ní chloiseann siad ach Gaeilge á labhairt. Bíonn na leanaí is sinsearaí ar scoil ag labhairt as Gaeilge agus bíonn an caidreamh idir na múinteoirí agus foireann na scoile ar fad as Gaeilge. Cothaíonn sé seo teachtaireacht shoiléir agus ní thógann sé i bhfad ar na leanaí nua a thuiscint cad leis a bhítear ag súil. Cabhraítear leo, moltar iad, agus déantar iad a ghríosadh i mbun labhairt na Gaeilge.

Gné eile a chabhraíonn le hinsealbhú na tuisceana seo sna leanaí ná go mbíonn nasc láidir idir an scoil agus an pobal (Gaeilge) lasmuigh den scoil. Tagann aoíanna isteach go minic ar mhaithe le cabhrú le saibhriú teanga agus labhairt na Gaeilge (scéalaithe, lucht drámaíochta, ceoltóirí áitiúla srl)

agus cothaíonn sé seo nasc leis an bpobal Gaeltachta/Gaeilge. Déantar nasc láidir leis an gceantar máguaird agus leis an bparóiste chomh maith trí bhéim a chur ar stair áitiúil agus trí thurasanna a thabhairt timpeall an pharóiste ar bhonn rialta.

Gné eile a chabhraíonn le hinsealbhú na tuisceana seo sna leanaí ná go mbíonn nasc láidir idir an scoil agus an pobal (Gaeilge) lasmuigh den scoil.

Bíonn polasaí láidir Gaeilge ar bhonn ilghnéitheach i bhfeidhm sna scoileanna agus má tá aon chuariteoirí ag teacht chun na scoileanna ó eagrais náisiúnta nó eile, iarrtar i gcónaí ar na heagrais/institiúidí daoine le Gaeilge a chur amach go dtí na scoileanna seo más féidir in aon chor.

## Dea-Chleachtais Maidir Le Sóisialú Trí Ghaeilge Do Dhaltaí i Scoileanna Lánghaeilge agus Gaeltachta

### 2. Tacaíocht agus Comhoibriú na dTuismitheoirí le Polasaí Teanga na Scoile

Tá tacaíocht na dtuismitheoirí thar a bheith tábhachtach in aon pholasaí a bheadh ag iarraidh na daltaí a ghríosadh i mbun labhairt na Gaeilge go sóisialta. Cuirtear tuismitheoirí ar an eolas faoi na seifteanna atá ar siúl sna scoileanna ó thaobh na Gaelainne agus lorgaítear a gcabhair agus a dtacaíocht go minic. Tuigeann na tuismitheoirí go bhfuil na scoileanna ag brath orthu chun na leanaí a spreagadh chomh maith agus chun aon Ghaeilge atá acu a úsáid leo. Tá sé seo tábhachtach go háirithe nuair a bhíonn na tuismitheoirí istigh ar scoil leis na leanaí ach bítear ag moladh Gaeilge a labhairt leis na páistí sa bhaile chomh maith.

Tá tacaíocht na dtuismitheoirí thar a bheith tábhachtach in aon pholasaí a bheadh ag iarraidh na daltaí a ghríosadh i mbun labhairt na Gaeilge go sóisialta.

Tugtar na tuismitheoirí isteach ar scoil agus chíteann siad obair na leanaí agus faigheann siad blaiseadh de shainspiorad Gaeltachta/Gaeilge na scoile. Mínítear dóibh go bhfuil a dtacaíocht riachtanach chun an timpeallacht nádúrtha Ghaeilge a chothú agus ar an iomlán bíonn toradh dearfach ar an obair seo.

Go minic ní hé labhairt na Gaeilge an chloch is mó atá ar phaidrín na dtuismitheoirí go léir ach uaireanta trialtar a mhíniú do na tuismitheoirí go mbeidh rath níos fearr ar oideachas a gcuid leanaí má bhíonn caighdeán ard Gaeilge acu. Tá siad ag foghaim a gcuid ábhair ar fad trí Ghaeilge, mar sin bíonn tuiscint níos fearr acu ar na hábhair má bhíonn Gaeilge mhaith acu. Éireoidh níos fearr leis na páistí ina gcuid ábhar eile scoile trí Ghaeilge má tá Gaeilge mhaith acu agus chuige sin beidh sé ina chabhair mhór dá gcuid Gaeilge má labhrann siad í go nádúrtha agus go sóisialta.

Éireoidh níos fearr leis na páistí ina gcuid ábhar eile scoile trí Ghaeilge má tá Gaeilge mhaith acu agus chuige sin beidh sé ina chabhair mhór dá gcuid Gaeilge má labhrann siad í go nádúrtha agus go sóisialta.

## Dea-Chleachtais Maidir Le Sóisialú Trí Ghaeilge Do Dhaltaí i Scoileanna Lánghaeilge agus Gaeltachta

### 3. Béim ar Imeachtaí atá Saibhir ó Thaobh na Cainte – Drámaíocht, Scéalaíocht & Amhránaíocht

Bíonn béim ar scéalaíocht, drámaíocht agus amhránaíocht i roinnt mhaith scoileanna lánGhaeilge mar straitéis chun caint nádúrtha na daoine a chur os comhair na ndaltaí agus chun iad a mhealladh i mbun Gaeilge a labhairt go sóisialta ina measc féin. Ceaptar go dtugann an drámaíocht agus an scéalaíocht, ach go háirithe, muinín phearsanta agus muinín teanga iontach do na daltaí agus cuireann sé saibhreas teanga thar bearta ar fáil dóibh, dar leis na príomhoidí. Go minic triallann na múinteoirí a gcuid ranganna Gaeilge a nascadh leis an ndrámáíocht ag úsáid línte ó na drámaí sna ceachtanna ranga agus ceaptar gur dea-chleachtais an-éifeachtach í an drámaíocht maidir

le hiompar teanga na ndaltaí chomh maith. Go minic tugann an drámaíocht agus an scéalaíocht deis do na daltaí a bheith páirteach i bhféilte nó in ócáidí ina mbíonn daltaí ó scoileanna eile ina bhfuil an Ghaeilge in uachtar iontu agus spreagann sé seo iad chun an Ghaeilge a labhairt ina measc féin, dar le foireann na scoileanna seo. Buailéann siad le daltaí ó scoileanna eile i dtimpeallacht atá an-shaibhir ó thaobh na Gaeilge de agus cuirtear béim ar an sóisialú trí Ghaeilge.

Ceaptar go dtugann an drámaíocht agus an scéalaíocht, ach go háirithe, muinín phearsanta agus muinín teanga iontach do na daltaí agus cuireann sé saibhreas teanga thar bearta ar fáil dóibh.

### 4. Aird de Shíor ar Chruinneas Teanga agus Nathanna Saibhre a Spreagadh

Tacaíonn sé leis na daltaí ó thaobh labhairt na Gaeilge go sóisialta de má bhíonn béim i gcónaí ar an dea-Ghaeilge agus ar an nGaeilge chruinn, dar le príomhoidí. Nuair a chuirtear béim ar cheartú na bpríomhbhotún a dhéanann daltaí sa chaint i bhfoirm spráiuil sna ranganna agus lamsuigh dóibh, ceaptar go spreagann sé na daltaí i mbun cainte as Gaeilge. Míníonn scoil amháin an éifeacht a bhaineann le córas Abairt na Seachtaine. Bíonn abairt na seachtaine i gceist gach seachtain ina mbíonn na múinteoirí ranga go léir ag cur béime ar an abairt seo agus bíonn go leor athrá i gceist agus an abairt á rá i slite difriúla. Go minic is nath cainte áitiúil atá i gceist atá saibhir ó thaobh na Gaeilge de agus an-nádúrtha i gcaint na ndaoine agus b'fheidir nach mbeadh sé ar fáil sna leabhair scoile.

## Dea-Chleachtais Maidir Le Sóisialú Trí Ghaeilge Do Dhaltaí i Scoileanna Lánghaeilge agus Gaeltachta

Bíonn abairt na seachtaine i gceist gach seachtain ina mbíonn na múinteoirí ranga go léir ag cur béime ar an abairt seo agus bíonn go leor athrá i gceist agus an abairt á rá i slite difriúla.

D'fhéadfadh aon mhúinteoir ceist a chur ar aon dalta ag am sosa nó lóin a bheadh bunaithe ar an abairt seo agus ar chruinneas gnéithe éagsúla den abairt. Ag an tionól gach maidin Aoine bíonn ceist nó dhó bunaithe ar an abairt. Bíonn cruinniú ag múinteoirí na scoile ag tús na seachtaine chun an mhír teanga (abairt na seachtaine) a roghnú agus malartaíonn siad a gcuid tuairimí faoi conas is fearr an abairt a úsáid i rith na seachtaine. Cloiseann na múinteoirí an abairt seo in úsáid go sóisialta i measc na ndaltaí sa chlós i rith na seachtaine.

### 5. Feachtais Duaiseanna chun Labhairt na Gaeilge a Spreagadh sa Chlós

In ainneoin na bpolasaithe agus na ndea-chleachtais a bhíonn i bhfeidhm, bíonn sé dúshlánach i nach mór gach aon scoil lánGhaeilge na daltaí a choimeád ar an nGaeilge ina measc féin go sóisialta. Ar an iomlán, áfach, ceaptar go n-éiríonn go maith le polasaithe agus feachtais a bhfuil atreisiú dearfach (duaiseanna agus moladh) laistiar díobh seachas polasaithe pionóis. Braitheann éifeacht na bpolasaithe nó na bhfeachtas seo, dar leis na príomhoidí, ar fhonn mhúinteoirí uile na scoile comhoibriú agus iad a chur i bhfeidhm le chéile agus ar thoil na foirne athmhacnamh rialta a dhéanamh ar an bhfeachtas. Ní hé an cleachtas céanna a oibreoidh i mbliana agus a oibreoidh an bhliain seo chugainn dar le múinteoirí áirithe. An saghas cleachtais is mó go ndearnadh

cur síos orthu ná cleachtas a bhronnann réiltíní nó ticéid ar dhaltaí as a bheith ag labhairt Gaeilge sa chlós. Feidhmíonn an cleachtas seo ar thrí leibhéal.

Braitheann éifeacht na bpolasaithe nó na bhfeachtas seo, dar leis na príomhoidí, ar fhonn mhúinteoirí uile na scoile comhoibriú agus iad a chur i bhfeidhm le chéile agus ar thoil na foirne athmhacnamh rialta a dhéanamh ar an bhfeachtas.

- Tugtar réiltín/ticéid do dhalta amháin sa ló sa chlós gach lá as sáriarracht a bheith déanta acu ó thaobh labhairt na Gaeilge go sóisialta. Cuirtear ainmneacha na ndaoine seo isteach i mbosca agus bíonn crannchar míosúil ansin chun duine a phiocadh amach don duais mhór.
- Oibríonn an feachtas seo ar bhonn seachtainiúil chomh maith. An leanbh is mó a fhaigheann réiltíní gach seachtain, is iad laoch na seachtaine iad agus bíonn bronnadh ag an dtionól seachtainiúil i halla na scoile.



## Dea-Chleachtais Maidir Le Sóisialú Trí Ghaeilge Do Dhaltaí i Scoileanna Lánghaeilge agus Gaeltachta

- Téann Corn na Gaeilge chuig an rang is mó a fhaigheann réaltíní sa tseachtain agus má fhaigheann rang ar bith an corn trí huairé i ndiaidh a chéile bíonn cóisir acu sa rang. Pé rang a bhaineann an corn gach seachtain bíonn oíche gan obair bhaile acu.

Sna scoileanna seo buaileann an fhoireann le chéile uair in aghaidh na míosa chun iompar teanga na ndaltaí a phlé agus éifeacht an fheachtais a phlé. Má tá gá le haon athruithe ar an bhfeachtas, pléitear é sin agus má tá aon smaointe nua ag aon bhall foirne, cuirtear iad sin chun cinn.

I scoileanna eile, bíonn mórdhuais amháin acu gach bliain don Ghaeilgeoir is fearr, nó an duine is mó a chuireann labhairt na Gaeilge agus an Gaelachas chun cinn. Bíonn cruinniú ag na múinteoirí chun daoine a ainmniú agus votálar an buaiteoir. Bíonn oiread iomaíochta go mbíonn sé deacair an corn seo a bhronnadh uaireanta!

### Conclúid

Is í aidhm ná ndea-chleachtais atá leagtha amach san Ábhar Tacaíochta seo ná tacaíocht agus cabhair phraicticiúil a chur ar fáil do phríomhoidí agus do scoileanna lánghaeilge agus Gaeltachta i dtaca le polasaithe agus cleachtais a spreagann labhairt sóisialta na Gaeilge i measc na ndaltaí ar scoil. Tá mórán cleachtais agus polasaithe a d'fhéadfadh a bheith éifeachtach i scoileanna difriúla, níl anseo ach cur síos ar na príomhdhea-chleachtais atá ag obair go héifeachtach

i scoileanna samplacha áirithe. Leagtar béim ar thábhacht pholasaí a fhaigheann comhoibriú ó fhoireann iomlán na scoile, ar an tábhacht a bhaineann le tacaíocht na dtuismitheoirí sa pholasaí agus ar thábhacht polasaithe agus feachtais mholtacha a bhfuil atriú dearfach laistair dóibh. Ceaptar gur iomlánú é ar an taithí tumoideachais más féidir daltaí a spreagadh i dtreo na Gaeilge mar theanga shóisialta ar scoil agus is cinnte go bhfuil labhairt na Gaeilge go sóisialta i measc na ndaltaí tábhachtach ó thaobh bhuanú na Gaeilge mar theanga phobail sa Ghaeltacht



## Dea-Chleachtais Maidir Le Sóisialú Trí Ghaeilge Do Dhaltaí i Scoileanna Lánghaeilge agus Gaeltachta

### Tagairtí

Baker, C., (2011 5ú eagrán). *Foundations of Bilingual Education and Bilingualism*. Clevedon: Multilingual Matters.

Hickey, T (1999) *Luathoideachas trí Ghaeilge sa Ghaeltacht*. Gaillimh: Údarás na Gaeltachta agus Institiúid Teangeolaíochta Éireann.

Mac Corraidh, S., (2008). *Ar thóir an dea-chleachtais: The Quest for Best Practice in Irish-medium Primary Schools in Belfast*. Béal Feirste: Cló Ollscoil na Banríona.

Ní Shéaghdha, A. (2010). *Taighde ar Dhea-Chleachtais Bhunscoile I dtaca le Saibhriú/Sealbhu agus Sóisialú Teanga do Dhaltaí arb í an Ghaeilge a gCéad Teanga*. Baile Átha Cliath: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.